



Eleathanach 360



Dé Luain, an 28 Meán Fómhair 2020

Anthony Davis

Cispheil

Bhí na Los Angeles Lakers ag imirt in aghaidh na Denver Nuggets an tseachtain seo caite. Bhuaigh na Los Angeles Lakers. Ba chluiche iontach é.

Scóráil Anthony Davis ciseán iontach ag deireadh an chluiche agus d'éirigh leis na Los Angeles Lakers an bua a fháil.

D'imir Anthony Davis ó na Los Angeles Lakers sárchluiche. Bhí Jokic ó na Denver Nuggets ar fheabhas freisin!

Caithfidh na Los Angeles Lakers cluiche amháin eile a bhuachan chun áit a fháil sa Chraobh NBA. Go n-éirí leis an bhfoireann chispheile!




Sam Bennett

Bhuaigh Sam Bennett an T-léine glas ar son na hÉireann sa Tour de France.

Tá Uachtarán na hÉireann, an Taoiseach agus an Tanáiste an-bhródúil as.

Is é Sam an chéad Éireannach a bhuaigh an T-léine glas le tríocha bliain anuas. Bhuaigh Séan Kelly an T-léine glas 30 bliain ó shin. Tháinig an bheirt acu as an mbaile céanna, Carraig na Siúire, i gContae Thiobraid Árann.

Bhuaigh Sam dhá chéim sa Tour de France. Tá muintir na hÉireann an-bhródúil as Sam Bennett.



Chuck Feeney

Sa bhliain 1982, bhí a lán airgid ag Chuck Feeney. Bhunaigh sé *Duty Free Shoppers* agus d'éirigh leis \$8 milliún a shábháil. Mar sin, theastaigh uaidh a chuid airgid a thabhairt do scoileanna agus do charthanachtaí timpeall an domhain. An tseachtain seo caite, chríochnaigh Chuck an obair sin.

Thug sé \$3.7 billiún d'ollscoileanna, agus thug sé \$870 milliún do ghrúpaí éagsúla a bhaineann le cearta daonna, agus \$1 billiún do thionscnaimh éagsúla in Éirinn.

Anois tá Chuck seacht mbliana is ochtó d'aois. Cónaíonn sé in árasán beag lena bhean chéile. Níl ach péire bróg amháin aige, agus níl aon charr aige. Deir Warren Buffet agus Bill Gates gur laoch é Chuck Feeney.

